Oscailt Oifigiúil – treoir do scoileanna

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Is lá mór é don scoil go bhfuil an ceiliúradh seo ag tarlú.

Comhghairdeas libh!

Molaimid an ócáid a choinneáil simplí. Is é an bealach is éasca chun é a eagrú ná coiste a bhunú a chabhróidh le gach gné den lá. Tá roinnt eolais sa cháipéis seo a thacóidh libh agus sibh ag pleanáil na hócáide. Tá an t-eolas roinnte ina dhá chuid; An Ócáid a Phleanáil agus An Ócáid Féin.

An Ócáid a phleanáil

An Chéad Chéim; Fógra agus Dáta
Níor cheart tús a chur leis an bpleanáil go dtí go mbeidh an scoil bogtha isteach go hiomlán san fhoirgneamh nua mar gheall ar mhoill a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
Is iad mí Bealtaine agus mí an Mheithimh an dá mhí is fearr sa bhliain an ócáid a eagrú mar gheall ar an aimsir, solas an lae agus fáil ar aíonna. Is é Dé hAoine an lá is fearr den tseachtain chun ócáid a reáchtáil. Is leis an scoil an rogha maidir le cén t-am an ceiliúradh a thosú ach tarlaíonn na hócáidí le linn am scoile ionas go mbeidh na daltaí in ann ceol/damhsa/eile a dhéanamh.
Moltar fógra cúpla mí a thabhairt d'aíonna teacht chuig an ócáid. Ba cheart 2 – 3 mhí a chur ar leataobh leis na hullmhúcháin go léir a dhéanamh.

Áit
An mbeidh an ócáid ar siúl sa halla nó taobh amuigh? Bíonn sé deacair a mheas cén líon daoine a thiocfaidh chuig an ócáid. Bí cinnte go mbeidh spás mór go leor agaibh chun freastal ar an líon daoine a fhaigheann cuireadh. Má shocraíonn an scoil an ócáid a chur ar siúl taobh amuigh, bíodh plean i bhfeidhm maidir le drochaimsir agus an ócáid a chur ar siúl laistigh ar ghearrfhógra.

Aoi
An bhfuil aoi speisialta ar intinn agaibh? D'fhéadfaí moltaí a fháil ag cruinniú foirne/boird nó d'fheadfaí breathnú ar liosta iar-Ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge, mar shampla.

Seo a leanas aíonna a bhí i láthair ag ócáidí le déanaí:

- GS Éadan Doire (Mícheál Ó Muircheartaigh, laoch spóirt & Gaeilgeoir)
- GS Bharra (Ciarán Kilkenny, imreoir le BÁC & Gaeilgeoir)
- GS an Chuilinn (An Taoiseach Leo Varadkar, TD an cheantair)
- GS Mhic Aodha (Richard Bruton, Aire Oideachais)
- GS Liatroma (Joe Mc Hugh, Aire Oideachais)

Árachas
Cuir Ciarán Doyle in Aston Lark (grúpscéim AFP) ar an eolas mar gheall ar an ócáid. Cuirfidh sé in iúl duit an mbeidh aon árachas breise ag teastáil: ciaran.doyle@astonlark.ie / 053-9155672

An Cuireadh

Is féidir iarraidh ar ealaíontóir sa phobal scoile/dearthóir grafaice/daltaí an cuireadh a dhearadh. Moltar do scoileanna cinneadh a thógáil faoi cé acu an seolfar cuirí sa phost nó ar r-phost. Tá sampla de chuireadh le feiceáil in Aguisín 1. Tá lógó An Foras Pátrúnachta le bheith curtha ar an gcuireadh (ar fáil ón oifig). Is fiú RSVP a chur ar na cuirí ionas go mbeidh tuairim agaibh ar an líon daoine a bheidh ann ar an lá.

Cuirí

Déan liosta de na daoine a bhfuil cuireadh le seoladh chucu. Seo thíos roinnt moltaí:

- ⇒ Polaiteoirí áitiúla a bhí cabhrach sa phróiseas
- ⇒ An Foras Pátrúnachta (Foireann agus Stiúrthóirí)
- ⇒ Baill an Bhoird Bhainistíochta agus Iarbhaill Bhoird
- ⇒ Tuismitheoirí agus Iarthuismitheoirí a thacaigh leis an scoil
- ⇒ Iardhaltaí
- ⇒ Bunaitheoirí na scoile
- ⇒ Pobal na Gaeilge sa cheantar & eagrais Ghaeilge
- ⇒ Garda Pobail/Garda le Gaeilge
- ⇒ Sagart (nó eile ag brath ar éiteas na scoile)
- ⇒ Ailtire, foireann deartha agus tógálaithe an fhoirgnimh

Níl de nós ag foireann na Roinne freastal ar ócáidí mar seo agus ní gá cuireadh a sheoladh chucu.

Tá sé de rogha ag an scoil cuireadh a thabhairt don Aire Oideachais, ach níl sé riachtanach é sin a dhéanamh. Tabhair faoi deara go mbíonn sceideal gnóthach ag gach Aire agus tá an-seans ann go mbeidh moill orthu ar an lá ma thugtar cuireadh dóibh. Ní mór fanacht orthu sa chás sin agus ní mór cuireadh a thabhairt dóibh labhairt ag an ócáid mar aon le camchuairt timpeall na scoile a thabhairt dóibh.
Coinnigh taifead/Excel de na cuirí go léir a sheoltar amach, cé atá/nach bhfuil ag teacht agus seol meabhrúchán chuig daoine nár fhreagair thart ar sheachtain roimh an ócáid.

An foirgneamh

Bíodh go leor ealaíne/oibre agus taispeántais crochta mar aon le maisiúcháin ar fud na scoile.
Ba cheart go mbeadh brat na scoile, brat An Foras Pátrúnachta agus brat na hÉireann in airde ar an lá.
Tabhair aitheantas d'éachtaí agus do bhuanna na scoile ar an lá trí thaispeántais / léiriú etc.
Má tá duaiseanna bronnta ar an scoil, bíodh siad ar taispeáint go soiléir.

An Garda Síochána
Cuir in iúl don stáisiún áitiúil go mbeidh an ócáid seo ag dul ar aghaidh. Deimhnigh leo cé acu an mbeidh/nach mbeidh VIP ann m.sh. Aire Rialtais agus cé na socruithe maidir le trácht/páirceáil atá ar intinn ag an scoil. Is féidir go mbeidh comhairle ar fáil ó na Gardaí ar an ábhar sin, má tá gá léi.

Ceiliúradh foirne
Eagraigh ceiliúradh sa seomra foirne cúpla lá roimh ré mar ní bheidh sé ar chumas gach múinteoir/cúntóir a bheith i láthair ag an ócáid oifigiúil.

Clár ama don ócáid
Ba cheart liosta a bheith ann de na freagrachtaí a bheidh ar gach duine ar an lá.
Ba cheart go mbeadh an liosta sin ag na hionadaithe atá ag stiúradh ar an lá – tuistmitheoirí, fear an tí, príomhoide etc.

Cleachtadh
Bí cinnte go mbeidh cleachtadh iomlán ar an ócáid eagraithe roimh ré, é sin sa bhreis ar aon chleachtadh ar amhráin etc.

Cosaint Leanaí/GDPR
Cuirfidh An Foras Pátrúnachta seirbhís ríomhfhiosraithe ar fáil d'aon duine atá le próiseáil mar chuid den ócáid. Má tá aon amhras ort maidir leis seo, déan teagmháil leis an oifig.
Ós rud é go mbeidh grianghrafanna/físeáin á dtógáil ar an lá, tá sé ríthábhachtach go mbeidh cead an t-ábhar sin a roinnt. Go minic, bíonn foirm toilithe comhlánaithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí a dhéanfaidh an gnó ach mura bhfuil, tá toil le lorg uathu. Maidir le daltaí nach mbeidh an toil sin tugtha, tá na daltaí sin le bheith faoi stiúir múinteoirí i ranganna le cinntiú nach mbeidh siad os comhair cheamara.

Físeán / Grianghrafadóir
Is féidir leis an scoil an-luach a bhaint as poiblíocht na hócáide. Cuireann pobal an cheantair spéis ina leithéid agus cabhraíonn sé clárúcháin a mhealladh.
Moltar go láidir grianghrafadóir agus/nó físghrafadóir a eagrú don ócáid. Déanann roinnt scoileanna an físeán a thaispeáint go beo sna seomraí ranga do na páistí ar an lá.
Uaireanta bíonn físeáin curtha le chéile ag scoileanna le blúiríní den obair laethúil a bhíonn ar siúl sa scoil le taispeáint don lucht féachana ar an lá mar chuid den ócáid.

Glantóirí/Airíoch
Déan socrú leis na glantóirí go mbeidh glanadh mór déanta ar an scoil an lá roimhe.
Cinntigh leis an airíoch go mbeidh plandaí & bláthanna curtha, go mbeidh an féar gearrtha, fuinneoga glanta agus go bhfuil aon cheist Sláinte & Sábháilteacht socraithe tamall roimh an ócáid.

Na Meáin/Meáin shóisialta

Scríobh preasráiteas roimh an ócáid (tá teimpléad in Aguisín 2) agus faigh amach cé na seoltaí ríomhphoist leis an bpreasráiteas móide grianghraif a sheoladh chucu ar an lá. Mura mbeidh an scoil ag baint úsáide as an teimpléad san aguisín, ní mór don scoil alt don phreasráiteas a fháil ón bhForas Pátrúnachta (trí rphost a sheoladh chuig jill@foras.ie).
Is féidir cuireadh a thabhairt do na meáin áitiúla & do na meáin Ghaeilge freastal ar an ócáid.
Tá an preasráiteas le seoladh chuig na nuachtáin áitiúla, raidió áitiúil agus chuig na meáin Ghaeilge (nuacht@tg4.ie ; nuacht@rte.ie ; nuacht@tuairisc.ie)
Má tá na meáin shóisialta in úsáid ag an scoil, is fiú don té a bheidh i gceannas ar an gcuntas ar an lá plean a ullmhú chun go bhfaighfidh daoine nach mbeidh i láthair blaiseadh den ócáid. Agus cuirí deartha agaibh, is féidir an dearadh céanna a úsáid i dtreo na poiblíochta ar na meáin shóisialta. Bígí ar an eolas gur féidir le scoileanna cuntais Pro de Canva (https://www.canva.com/education/) a fháil. Bainigí úsáid as seo le snas a chur ar phoiblíocht ar bith ón scoil mura bhfuil buiséad do dearthóir graifice nó eile.

Ba chóir go mbeadh na nithe seo thíos ar an bhfógra poiblí:

- Lógó na Scoile
- Lógó An Foras Pátrúnachta
- Sonraí na hócáidí (i nGaeilge agus i mBéarla le freastal ar an lucht féachanna is mó)
- Sonraí teagmhála le gur féidir le daoine a suim san ócáid a chlárú
- Dathanna deasa geala agus grianghraif tarraingteacha más ann dóibh

Déanaigí cinnte fógraí mar gheall ar an ócáid a chur amach ar na hardáin uile atá agaibh mar scoil (Facebook, Twitter, Instagram). Is féidir cúpla fógra a sceidealú le linn tréimhse míosa roimh an ócáid le freastal ar lucht féachanna níos leithne (https://business.facebook.com do Facebook agus Instagram, https://tweetdeck.twitter.com do Twitter). Is fearr i bhfad dreamanna eile sa cheantar a chlibeáil sna postálacha le haird an mhórphobail a tharraingt ar an ócáid (na meáin áitiúla, grúpaí do thuismitheoirí, club CLG áitiúil, aon dream deonach eile sa cheantar). Bígí cinnte grianghraif a ghlacadh le linn na hócáide ar an lá agus blaiseadh den lá a chur ar na hardáin shóisialta. Bíonn treoir is comhairle ar fáil ó jill@foras.ie

Óráidí

Níl aon chur chuige amháin ann maidir leis seo ach tá sé le moladh go mbeidh gach óráid réasúnta gearr (5-10 nóiméad) agus go mbeidh ceathrar ar a mhéid ag caint.
Moltar fear/bean an tí a cheapadh, duine a labhróidh roimh agus i ndiaidh gach cainteoir. Iarrtar ar an scoil cuireadh a thabhairt d'Ard-Rúnaí An Foras Pátrúnachta, Caoimhín Ó hEaghra, óráid ghearr a thabhairt. Déanann cuid de na daoine seo a leanas óráid de ghnáth: Cathaoirleach an BB, Príomhoide, duine de bhunaitheoirí na scoile / tuismitheoir / aoi speisialta.
Moltar go roinnfidh cainteoirí a n-óráidí le chéile roimh an ócáid chun dúbailt a sheachaint.

Paimfléad
Níl aon ghá le paimfléad a ullmhú don lucht freastail. Cruthaíonn a leithéid cuid mhór bruscair.

Páirceáil/trácht
Cén plean atá ann maidir le páirceáil agus trácht? Níl aon dá scoil mar an gcéanna agus tá sé ríthábhachtach go mbeidh baill de chumann na dtuismitheoirí, mar shampla, i gceannas ar thrácht a threorú, comharthaí a chur in airde maidir le páirceáil agus liosta a bheith ullmhaithe maidir le spásanna páirceála curtha i leataobh d'aíonna speisialta. Ba cheart go mbeadh seaicéad sofheicthe á gcaitheamh acu.

Riachtanais theicniúla
Eagraigh córas fuaime don stáitse. Déan triail teicniúil an lá roimhe. Moltar duine teicniúil a bheith i láthair ar an lá ar eagla go mbeidh fadhbanna leis an gcóras.

Soláistí
Eagraigh bia do na cuairteoirí i seomra atá saor nó sa halla - bíonn tuismitheoirí nó bialann áitiúil an-mhaith chuige seo.
Cinntigh go bhfuil go leor cupáin, plátaí, gloiní, citil, taephotaí &rl. ordaithe don lá.
Socraigh brat boird dheasa le bláthanna do na boird ar a gcuirfear na soláistí.
Ní cheadaítear alcól.

Suíocháin
Mura bhfuil go leor suíochán (do dhaoine fásta) ag an scoil. Is féidir iasacht a eagrú le meánscoil áitiúil nó cathaoireacha rang 5/6 a úsáid.
Cuir ainmneacha na n-aíonna ar na suíocháin sa chéad sraith agus/nó ar na cathaoireacha ar an stáitse.

Tacaíochtaí ó AFP liostáilte

- Preasráiteas/cuireadh samplach foilsithe sna hAguisíní
- Bolscaireacht ar an ócáid – Meáin shóisialta AFP, suíomh & nuachtlitir AFP
- Cuirfidh AFP brat ar fáil
- Cuirfidh AFP fear/bean an tí ar fáil más gá
- Cuirfidh AFP úrlabhraí ar fáil chun labhairt leis na meáin más gá
- Is féidir le ball foirne AFP aire a thabhairt do VIP más gá
- Ríomhfhiosrú na nGardaí
- Comhairle maidir leis an ócáid

An ócáid féin

Bronnadh/Crann a chur
Go minic, déantar bronnadh ar bhunaitheoirí/iarphríomhoide/eile.
Freisin, is deas an cuimhneachán é nuair a bhronnann an scoil teastas/peann luaidhe/bonn deartha go speisialta ar gach páiste sa scoil ar an lá ionas go mbeidh cuimhne acu ar an lá go deo.
Déantar crann a chur go minic mar aitheantas ar an ócáid – *as an síol is lú a fhásann an crann is mó* – nó in ómós do dhuine de phobal na scoile atá imithe ar shlí na fírinne.

Fáiltiú ar an lá
Cuir comharthaí fáilte/bunting taobh amuigh den scoil. Roghnaigh páistí as ard-ranganna le bheith ina bhfáilteoirí ar an lá. Bí cinnte go bhfuil an teanga cuí acu chun fáilte a fhearadh roimh na cuairteoirí. Ba chóir go mbeadh duine ainmnithe chun fáilte a chur roimh gach aoi speisialta agus iad a threorú chuig a suíochán.

Ribín a ghearradh
Tá cúpla rogha ann.
Déanann Caoimhín mar Ard-Rúnaí an ribín a ghearradh de ghnáth leis an bPríomhoide agus Cathaoirleach ag a dhá thaobh.
D'fhéadfaí iarraidh ar pholaiteoir nó ar an dalta is sine agus is óige an ribín a ghearradh mura mbeidh an Príomhoide agus Cathaoirleach ag iarraidh seasamh isteach.

Meáin/grianghrafadóir
Iarr ar an ngrianghrafadóir cúpla grianghraif samplach a sheoladh ar ríomhphost chuig an scoil chun go mbeidh sibh in ann na grianghraif a sheoladh amach leis an bpreasráiteas. Seol an preasráiteas i gcorp an r-phoist seachas mar cheangaltán.

Taispeántas don lucht freastail
Smaoinigh faoi na buanna atá ag an scoil- an bhfuil cór / banna ceoil / ealaíontóirí / aisteoirí / damhsóirí maithe sa scoil gur féidir seó beag a chur ar siúl?
Mura bhfuil d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhanna ceoil na nGardaí nó banna ceoil áitiúil m.sh. Comhaltas teacht chun seinm.
Cuirfidh fear/bean an tí tús leis an ócáid. Beidh óráidí, ceol, damhsa ar siúl ansin agus aon bhronnadh ag an deireadh. Ina dhiaidh sin ar fad, d'fhéadfaí aíonna a thabhairt chun crann a chur agus siúlóid threoraithe a thabhairt dóibh timpeall na scoile sula gcuirfear soláistí ar fáil dóibh.

Aguisín 1 – Cuireadh samplach

Aguisín 2 – Teimpléad de Phreasráiteas (Béarla & Gaeilge)

PRESS RELEASE

Thursday, 1st September 2022

Brand new building for Gaelscoil XXXX opens its doors

Largest gaelscoil in the county to expand in new building

A new, state of the art An Foras Pátrúnachta primary school, Gaelscoil XXXX, based on the XXX Road in XXXXX, officially opened its doors for the first time this week.

The new building is equipped with a full range of both practical and academic facilities. There is also a special education unit, including a sensory garden. The inclusion of this unit ensures that students with special needs can complete their Irish-medium education in the school. Additional facilities at the school include an outdoor classroom, polytunnel & geology garden.

Speaking today, XXXX, principal of Gaelscoil XXXXX said: "We are delighted that we have finally opened the doors to our brand new school premises. This is the result of X years of hard work by parents, staff, Board of Management and our patron An Foras Pátrúnachta.

"It is really encouraging that the Irish language is so popular in this area, and that students with such diverse backgrounds and cultures have chosen to learn through Irish. We look forward to welcoming many new families into our wonderful new school."

The gaelscoil has been based at a temporary facility in XXXX since XXXX. Many of the children attending the school travel to the gaelscoil to access Irish-medium education.

Commenting today, Caoimhín Ó hEaghra, General Secretary of An Foras Pátrúnachta, said: "Demand for places in gaelscoileanna has never been greater. This excellent new building will cater for the growth in Irish-medium education locally. Parents are aware more than ever of the extra benefits immersion education provides – students perform better academically, find it easier to learn a third language and benefit from greater employment opportunities.

"As the largest patron of Irish-medium schools, we are delighted to begin this new chapter in XXXXX. An Foras Pátrúnachta schools are educating 17,000 students and our schools our open to everyone. Our aim is to provide an excellent education through the Irish language to every child in Ireland who wants it."

ENDS

Contact: XXXXX, Principal/Chairperson / Tel: 08XXXXXXXXX

- Interviews will be available with school principal XXXX, XXXX of An Foras Pátrúnachta, and with parents and students on request.
- Photographer XXXXXXXXX, will be issuing photos to photodesks after the event.

PREASRÁITEAS

Déardaoin, 1 Meán Fómhair 2022

Foirgneamh úrnua do Ghaelscoil XXXX ag oscailt den chéad uair

An ghaelscoil is mó sa chontae le fás san fhoirgneamh nua

Osclaíodh foirgneamh nua Gaelscoil XXXX inniu, scoil de chuid An Foras Pátrúnachta, atá lonnaithe ar Bhóthar XXX i XXXXX.

Tá an foirgneamh nua feistithe le réimse leathan áiseanna den chéad scoth. Tá ranganna oideachais speisialta mar chuid den fhoirgneamh nua freisin, lena n-áirítear gairdín céadfach. Leis na ranganna seo, beidh an scoil in ann a chinntiú go mbeidh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu in ann a gcuid oideachais a chur i gcrích trí Ghaeilge. I measc na n-áiseanna breise atá ag an scoil, tá seomra ranga lasmuigh, pola-thollán agus gairdín geolaíochta.

Ag labhairt dó inniu, dúirt XXXX, príomhoide Ghaelscoil XXXXXX: "Tá lúcháir orainn go bhfuil doirse ár bhfoirgneamh scoile úrnua oscailte faoi dheireadh againn. Seo mar thoradh ar X bliana d'obair mhór na dtuismitheoirí, na foirne, an Bhoird Bainistíochta agus ár bpátrún, An Foras Pátrúnachta.

"Is ábhar misnigh é go bhfuil an Ghaeilge ag fás léi sa cheantar seo, agus go bhfuil an oiread daltaí a bhfuil cúlraí éagsúla acu ag foghlaim trí Ghaeilge le chéile. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh go leor teaghlaigh nua inár scoil nua."

Bhí an ghaelscoil lonnaithe i gcóiríocht shealadach i XXXX ó bhí XXXX ann. Taistealaíonn go leor de na daltaí chuig an ngaelscoil chun oideachas a fháil trí mheán na Gaeilge.

Ag labhairt dó inniu, dúirt Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí An Foras Pátrúnachta: "Tá an t-éileamh ar an ngaelscolaíocht ag fás i gcónaí. Freastalóidh an foirgneamh nua seo ar an bhfás ar an ghaelscolaíocht go háitiúil. Tuigeann tuismitheoirí níos mó ná riamh na buntáistí breise a chuireann an tumoideachas ar fáil – éiríonn níos fearr le daltaí go hacadúil, bíonn sé níos fusa an tríú teanga a fhoghlaim agus baineann siad leas as deiseanna fostaíochta níos fearr.

"Tá ríméad orainn tús a chur leis an gcaibidil nua seo i nGaelscoil XXXXX. Tá scoileanna An Foras Pátrúnachta ag cur oideachais ar 17,000 dalta agus tá ár scoileanna oscailte do chách. Tá sé mar aidhm againn oideachas den scoth trí Ghaeilge a chur ar fáil do gach páiste in Éirinn atá á iarraidh."

CRÍOCH

Teagmháil: XXXXXX, Príomhoide/Cathaoirleach / Teil: 08XXXXXXXXX

• Beidh agallaimh ar fáil le príomhoide na scoile XXXX, XXXX ar son An Foras Pátrúnachta, agus le tuismitheoirí agus daltaí ach iad a iarraidh.
• Beidh an Grianghrafadóir XXXXXXXXX, ag eisiúint grianghraif chuig na meáin.